

# Eleathanach321

Dé Luain 29 Aibreán 2019

## Is iad Arsenal buaiteoirí na hArd-sraithe!

Bhí foireann na mban Arsenal agus foireann na mban Brighton ag imirt sacair i gcoinne a chéile ag an deireadh seachtaine. Bhuaigh Arsenal an cluiche agus ciallaíonn sin gur bhuaigh siad Ard-Sraith na mban den chéad uair ó 2012.

Bíonn beirt ó fhoireann na hÉireann ag imirt le Arsenal: Katie Mc Cabe agus Louise Quinn. Bíonn beirt ag imirt le Brighton chomh maith: Marie Hourihan agus Megan Connolly.

Fuair Arsenal dhá chúl sa chéad leath agus dhá chúl sa dara leath chomh maith. Scóráil Katie Mc Cabe cúl amháin agus bhí sí an-sásta. Ní bhfuair Brighton cúl ar bith sa chluiche.

Cé gur bhuaigh Arsenal an comórtas, beidh cluiche amháin eile acu i gcoinne Man City i mí Bealtaine. Tá Man City sa dara háit san Ard-Sraith.



## Scannán nua sa phictiúrlann!

Tá an scannán *Avengers: Endgame* i bpictiúrlanna ar fud an domhain ón 26 Aibreán. Is scannán é atá sa tsraith *Marvel*. Tá níos mó ná 20 scannán sa tsraith.

Sa scannán deireanach, bhí cogadh mór. Sa scannán seo, tá Iron Man, Captain America agus Hulk ag iarraidh rudaí a shocrú.

Bhí daoine ag súil go mór leis an scannán, go speisialta iad siúd a chonaic na scannáin eile faoi *Avengers*. Thar an deireadh seachtaine chuaigh a lán daoine chun an scannán a fheiceáil. Dhíol na pictiúrlanna níos mó ná \$1.2 billiún i dticéid.



## Lorg coise an-sean sa tSile

In 2011, bhí seandálaithe ag obair i gcathair Osorno sa tSile agus chonaic siad lorg coise in aice le teach. Ó shin tá daoine ag déanamh staidéir air agus tá siad cinnte anois gur bhain sé le duine seachas le hainmhí.

Deir siad gur bhain an lorg coise le fear gan aon bhróga agus go bhfuil an lorg coise ann le 15,600 bliain.

Sa cheantar seo, tháinig siad ar fhianaise freisin go raibh ainmhithe ann fadó a bhí cosúil leis an eilifint agus ceann eile cosúil le capall.

Tá na seandálaithe ag obair sa cheantar seo ó 2007 ag iarraidh eolas faoi stair na háite a fháil.

Lorg coise



Seandálaithe ag obair

